# Athbhreithniú agus Athfhorbairt ar Churaclam na Bunscoile

**Teimpléad aighneachta scríofa d'eagraíochtaí, do ghrúpaí agus do dhaoine aonair ar mian leo freagra a thabhairt ar an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile***

Cuirtear an teimpléad seo ar fáil mar chabhair duit (agus dod' chomhghleacaithe/eagraíocht) chun aighneacht scríofa a chur le chéile mar fhreagairt ar an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile*. Le do thoil, seol do fhreagairt chomhlíonta chuig PCRRsubmissions@ncca.ie

***Sonraí aonair***

| | |
|---|---|
| **Ainm** | |
| **Dáta** | |
| **Ríomhphost** | |

***Sonraí na heagraíochta***

| | |
|---|---|
| **Ainm** | Máire Nic an Rí |
| **Post** | Oifigeach Oideachais Bunscoile |
| **Eagraíocht** | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) |
| **Dáta** | 22 Eanáir 2021 |
| **Ríomhphost** | |

**Foilseoidh an CNCM na haighneachtaí scríofa a chuirtear chucu le linn an chomhairliúcháin. Beidh ainm an duine / an údair / na heagraíochta luaite san aighneacht. An dtoileann tú an aighneacht seo a bheith foilsithe ar líne?**

**Toilím** [X] **Ní thoilím** [ ]

Seol d'iarratas chuig ríomhphost PCRRsubmissions@ncca.ie

**Tabhair roinnt eolas cúlra faoi d'eagraíocht (más cuí)**

Bunaíodh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) in 2002 faoi fhorálacha Alt 31 den Acht Oideachais (1998) le go mbeadh sainstruchtúr ann le freastal a dhéanamh ar riachtanais oideachais na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.

Feidhmeanna reachtúla:

- Soláthar téacsleabhar agus acmhainní do mhúineadh trí Ghaeilge a phleanáil agus a chomheagrú
- Comhairle a chur ar an Aire Oideachais maidir le cur ar fáil agus cur chun cinn oideachais trí mheán na Gaeilge
- Seirbhísí taca a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge
- Taighde a dhéanamh ar ábhar a bhaineann leis na cúraim sin
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir le nithe a bhaineann le múineadh na Gaeilge, le hoideachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge agus le riachtanais oideachais na ndaoine a chónaíonn i limistéir Ghaeltachta

*Is sa chomhthéacs seo gur mian le COGG a tuairimí maidir le Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile a chur faoi bhráid na CNCM*

Cuimsíonn an chuid eile den teimpléad dhá roinn. Iarrtar ort i Roinn 1 do thuairimí ginearálta agus do mheas a thabhairt ar an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile.* Is é struchtúr Roinn 2 ná na sé príomhtheachtaireachtaí a bhaineann leis an Dréachtchreat. Déantar achoimre ar gach teachtaireacht mar thaca leis an obair ar an bhfreagairt.

# Roinn 1

**Tabhair cuntas ginearálta, le do thoil, ar do fhreagairt ar *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile.***

Fáiltíonn COGG roimh na moltaí atá sa dréachtchuraclam sa mhéid is go dtacaíonn siad le páistí a gcumas iomlán a chur i gcrích mar dhaoine aonair, mar bhaill de phobail agus den tsochaí i gcaitheamh a n-óige agus ina dhiaidh sin. Tógtar ar an leanúnachas agus ar an eolas atá acu ó chéim go céim agus is maith sin. Féachtar ar mhúinteoirí mar ghairmithe tiomanta, sciliúla, gníomhaíocha agus aontaíonn COGG leis seo. Fáiltímid roimh an suntas a thugtar don ró-ualach curaclaim atá aitheanta ag múinteoirí le fada an lá i measc na gconstaicí is mó le hábhair an churaclaim a chur i ngníomh. In ainneoin na moltaí dearfacha seo, is dóigh linn go bhfuil spás ann le machnamh níos mó a dhéanamh ar ghnéithe ar nós an tumoideachas agus na dúshláin a bhaineann le teagasc na Gaeilge.

# Roinn 2

### Gníomhaíocht agus solúbthacht i scoileanna

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile:*

- Gur le gach páiste é.
- Go n-aithneoidh sé gairmiúlacht agus gníomhú mhúinteoirí agus phríomhoidí agus iad ag cur an curaclam i bhfeidhm i gcomhthéacs a scoile féin.
- Go gcuirfidh sé breis solúbthachta ar fáil do scoileanna maidir le pleanáil agus socruithe amchláir chun deiseanna agus tosaíochtaí a aithint agus freagairt dóibhsan.
- Go ndéanfaidh sé naisc idir chomhthéacsanna éagsúla sa chóras oideachais.
- Go gcuirfidh sé breis deiseanna ar fáil le haghaidh solúbthacht agus rogha i bhfoghlaim páistí.

**Tugann *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith gníomhaíocht agus solúbthacht i scoileanna. Tabhair, le do thoil, d'aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht seo.**

Is cinnte gur gairmithe tiomanta, sciliúla, gníomhaíocha iad múinteoirí agus príomhoidí na tíre**.**

Fáiltíonn COGG, go pointe áirithe, leis an tsolúbthacht atá molta maidir le pleanáil agus socruithe amchláir a éascóidh deiseanna do scoileanna díriú ar na tosaíochtaí atá aitheanta acu. Bíonn an rath - a bhaineann le solúbthacht agus saoirse an mhúinteora - ag brath ar thaithí, ar chumas agus ar mhuinín an mhúinteora san oideolaíocht a bhaineann le hábhair ar leith. Is cúis imní a bhaineann leis an tsolúbthacht seo, áfach, ná go bhféadfadh múinteoirí díriú ar ábhair a bhfuil suim agus muinín acu iontu agus go bhféadfadh siad faillí a dhéanamh ar ábhair a bhfuil dúshláin ag baint leo.

Sonraíodh i dTuarascáil an Phríomhchigire 2013- 2016 go bhfuil go leor dúshlán le sárú ag scoileanna ó thaobh theagasc na Gaeilge:

> Is léir meath ar thorthaí leanaí sa Ghaeilge ó Thuairisc an Phríomh-Chigire roimhe seo sa bhliain 2013, nuair a bhreithnigh cigirí go raibh cáilíocht na foghlama go maith nó ní b'fhearr in 76% de na ceachtanna a ndearnadh meastóireacht orthu. Níl an dul chun cinn is cóir á dhéanamh ag líon suntasach leanaí sa Ghaeilge. (ROS 2016:51)

Shonraigh an tuairisc gurbh í an Ghaeilge an t-ábhar ba mhó a dúradh go raibh gá le feabhsú. (ROS 2016:52)

Tá COGG ag teacht leis an moladh go mbeidh am riachtanach ar leith sonraithe do chéad agus dara teanga na scoile agus go mbeadh sé soiléir go bhfuil an Ghaeilge mar chuid lárnach den churaclam teanga sna scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus nach mbeadh aon laghdú ó thaobh leithdháileadh ama ina leith.

### Naisc idir réamhscoileanna, bunscoileanna agus iarbhunscoileanna

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile:*

- Go leagfaidh sé amach fís soiléir d'fhoghlaim páistí thar ocht mbliana den bhunscoil.
- Go ndéanfaidh sé naisc le heispéiris foghlama a sholáthraítear trí théamaí *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* agus go ndéanfaidh sé ceangal leis na hábhair, príomhscileanna agus ráitis foghlama sa *Chreat don tSraith Shóisearach*
- Go dtacóidh sé le haistrithe oideachasúla trí naisc a dhéanamh lena bhfoghlaimíonn páistí agus a modhanna foghlama sa bhaile, sa réamhscoil agus san iarbhunscoil

**Tugann *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith naisc idir réamhscoileanna, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Tabhair, le do thoil, d'aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.**

Aontaíonn agus fáiltíonn COGG le formhór na moltaí. Is dóigh linn go bhfuil sé ciallmhar naisc a bheith idir réamhscoileanna, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.

> Bíonn tionchar fadtéarmach ag aistriú maith ón naíonra go dtí an bhunscoil ar chumas foghlama na bpáistí tríd an mbunscoil ar fad. (Forbairt Naíonraí Teo. & Gaelscoileanna Teo. 2020: 6)

**Moladh maidir le h*Aistear***

Tá sé le moladh go ndéantar naisc le h*Aistear* chun tacú le leanúnachas ón réamhscoil go dtí an bhunscoil, agus naisc láidre a chruthú idir na suíomhanna oideachais. Aithnítear na buntáistí a bhaineann le h*Aistear*. Is dlúthchuid de Churaclam Teanga na Bunscoile modheolaíochtaí agus prionsabail *Aistear*, rud a thacaíonn le leanúnachas ón réamhscoil go dtí an bhunscoil. Trí chineálacha éagsúla súgartha, sealbhaíonn páistí teanga, scileanna cumarsáide, cruthaitheacha, fionnachtana, agus fadhb réitigh i dtimpeallacht chomhbhách shábháilte.

Glactar leis go bhfuil forbairt ghairmiúil agus oiliúint faighte ag líon suntasach múinteoirí in úsáid *Aistear* ach is ar bhonn deonach a rinne múinteoirí an cúrsa oiliúna d'*Aistear* ina gcuid ama féin mar nach raibh aon pholasaí ag an Roinn Oideachais maidir le hoiliúint a chur ar fáil do mhúinteoirí in úsáid *Aistear*. Is cúis imní é go bhfuil seo amhlaidh agus nach bhfuil na múinteoirí uile inniúil ar phrionsabail, ar théamaí ná ar chur chuige oideolaíochta *Aistear*.

Molann COGG an deis a thapú - agus curaclam nua á chur i bhfeidhm - oiliúint agus forbairt ghairmiúil a chur ar fáil sa réimse seo.

Is cúis díomá do COGG nach dtugtar aitheantas sa Dréachtchuraclam don oideachas lán-Ghaeilge go háirithe sna limistéir Ghaeltachta. Maíonn an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* go bhfuil

> sé de chumas ag soláthar oideachais d'ardchaighdeán luathbhlianta trí mheán na Gaeilge leanaí a shóisialú sa Ghaeilge, feabhas a chur ar a bhforbairt chognaíoch agus mhothachtálach agus tacú lena n-aistriú chuig an bhfoghlaim trí Ghaeilge sa bhunscoil. (ROS 2016: 42)

Luaitear sa taighde - *An Traein - Ag Aistriú ón Naíonra go dtí an Bhunscoil* (Forbairt Naíonraí Teo. agus Gaelscoileanna) - go mbíonn tionchar fadtéarmach ag aistriú maith ón naíonra go dtí an bhunscoil ar chumas foghlama na bpáistí tríd an mbunscoil ar fad. Deirtear sa taighde go gcothaíonn *Aistear* agus *Síolta* leanúnachas idir naíonraí agus bunscoileanna, ach is faoi na scoileanna agus na naíonraí atá sé an teagmháil agus an leanúnachas a chur chun cinn ar bhonn logánta (2011: 51). B'fhiú go mór na moltaí praiticiúla sa leabhrán taighde *An Traein* a bheith lárnach mar thacaíocht agus an curaclam nua á chur faoi bhráid na scoileanna.

### Tosaíochtaí foghlama do pháistí ag teacht chun cinn

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile:*

- Go neadóidh sé seacht bpríomhinniúlachtaí trasna torthaí foghlama páistí ó Naíonáin Shóisearacha go Rang a Sé.
- Go ndíreoidh sé ar scileanna agus eolas páistí a fhorbairt mar aon le méin, luachanna agus dearcthaí. Is leathan iad na Torthaí Foghlama agus na Príomhinniúlachtaí chun cur síos ar an tuiscint níos leithne seo ar an bhfoghlaim.
- Go dtreiseoidh sé an bhéim ar réimsí atá ann cheana amhail Corpoideachas agus OSPS (Folláine) agus foghlaim dhigiteach, agus molann réimsí nua amhail Teangacha Iasachta Nua-aimseartha, Teicneolaíocht, Oideachas faoi Reiligiúin agus Chreidimh (ORC) agus Eitic, mar aon le hOideachas Ealaíon níos leithne.

**Tugann *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith tosaíochtaí foghlama do pháistí ag teacht chun cinn. Tabhair, le do thoil, d'aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.**

Fáiltíonn COGG roimh na hinniúlachtaí a gcuirfear béim orthu trasna thorthaí foghlama an churaclaim. Aontaímid go gcuirfidh siad le foghlaim domhain agus le forbairt iomlán an pháiste, ní hamháin sin ach cuirfear le méin, luachanna agus dearcthaí na bpáistí i slí dhearfach chun scileanna saoil a shealbhú. Táimid go mór i bhfábhar na tosaíochtaí seo a chur chun cinn.

Táimid sásta go bhfuil béim sa bhreis ar ábhair ar nós Corpoideachais agus OSPS/Folláine. Is cinnte go bhfuil athrú nach beag ag teacht ar an saol agus táimid sásta leis an mbéim agus leis an bhforbairt ar ábhair nua mar atá molta. Tuigimid tábhacht na n-ábhar seo chun freagairt do na héilimh agus do na hionchais atá i bhfearann oideachais atá ag síorathrú. Táimid imníoch, áfach, faoi thabhairt

isteach an tríú teanga sa bhunscoil i gcomhthéacs na ndeacrachtaí maidir le teagasc na Gaeilge atá sonraithe i dTuarascáil an Phríomhchigire agus luaite cheana san aighneacht seo. Molaimid go mbeidh bunús daingean sa Ghaeilge agus sa Bhéarla ag na páistí sula dtabharfar faoin tríú teanga.

Tá ró-ualach curaclaim - 'an iomarca le déanamh agus gan go leor ama ann chun é ar fad a dhéanamh' - luaite ag tús an Dréachtchuraclaim (CNCM, 2020: 3). Cé gur dóigh linn go bhfuil gá leis na hábhair nua atá molta, is gá a aithint go mbeidh ualach breise ann do mhúinteoirí. Ar an mbonn sin, ní mór an cheist a chur 'An bhfuil an creatchuraclam ag dul i ngleic leis an ualach oibre a bhaineann leis an gcuraclam reatha?''

**Struchtúr agus cur i láthair an churaclaim á athrú**

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim Bunscoile:*

- Go mbeidh sé leathan agus cothrom ina aidhmeanna agus ábhar.
- Go mbeidh sé leagtha amach i gcúig réimse leathan curaclaim:
    - Teanga
    - Oideachas Matamaitice, Eolaíochta agus Teicneolaíochta
    - Folláine
    - Oideachas Sóisialta is Imshaoil
    - Oideachas Ealaíon

(Ag teacht leis na cúig réimse thuas, déanann pátrún scoile Clár Pátrúin a fhorbairt chun cur le forbairt iomlán an pháiste, agus dearcadh reiligiúnach agus/nó eiticiúil ar leith á cur san áireamh. Mar thoradh ar an bpróiseas seo, bíonn an clár mar bhonn agus taca do shainspiorad na scoile. Tá na réimsí seo nasctha le téamaí Aistear agus le saothar in ábhair sa tSraith Shóisearach.)

- Go soláthróidh sé eispéireas foghlama comhtháite, bunaithe ar réimsí curaclaim i gCéimeanna 1 agus 2 (Naíonáin Shóisearacha – Rang 2) agus bunaithe ar ábhair i gCéimeanna 3 agus 4 (Rang 3 – Rang 6).
- Go n-úsáidfidh sé torthaí foghlama leathana chun cur síos ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a mbeifí ag súil leis i bpáistí.
- Go gcuimseoidh sé an Curaclam Teanga Bunscoile nua.
- Go mbeidh ábhair tacaíochta agus eiseamláirí d'fhoghlaim páistí ar fáil leis.

**Tugann *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith struchtúr agus cur i láthair an churaclaim á athrú. Tabhair, le do thoil, d'aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.**

Tá COGG ag teacht leis an moladh go gcuirfear íosmhéid ama sa leithdháileadh ama seachtainiúil do Theanga, do Mhatamaitic agus d'Fholláine, mar go léiríonn sé cé chomh bunúsach is atá na hábhair sin i bhfoghlaim na bpáistí sa bhunscoil. Is gá a bheith soiléir faoin am riachtanach ar leith atá sonraithe do chéad agus dara teanga na scoile agus go mbeadh sé soiléir go bhfuil an Ghaeilge mar chuid lárnach den churaclam teanga sna scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus nach mbeadh aon laghdú ó thaobh leithdháileadh ama ina leith. Aontaíonn COGG go ndéanann páistí dul chun cinn ar rátaí difriúla agus iad faoi thionchar ag a gcúinsí, ag a n-eispéiris agus ag a gcumais éagsúla agus go dtacóidh na torthaí foghlama leathana - a dhéanann cur síos ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a mbeifí ag súil leis - leis seo.

Aithnítear go bhfuil bonn dearfach curtha ag Curaclam Teanga na Bunscoile ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama ó thaobh na Gaeilge inár mbunscoileanna le torthaí foghlama soiléire. Cé go bhfuil raon leathan ábhair thacaíochta do mhúinteoirí don Curaclam Béarla forbartha ag an CNCM, tá sé den riachtanas go bhforbrófar breis ábhair thacaíochta do mhúinteoirí a thacóidh le cur i bhfeidhm na Gaeilge sa churaclam teanga. Is mór idir an réimse ábhair thacaíochta atá ar fáil don dá theanga. Molann COGG go bhféachfar air seo ar bhonn práinne agus go gcuirfear ábhair thacaíochta ar aon dul leis an mBéarla ar fáil don Ghaeilge.

Ní mór na dúshláin atá le sárú ag scoileanna ó thaobh theagasc na Gaeilge - atá luaite i dTuarascáil an Phríomhchigire - a bheith san áireamh agus ábhair thacaíochta á ndearadh.

## Ag tacú le raon modhanna agus straitéisí teagaisc le measúnú atá lárnach san teagasc agus foghlaim

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile:*

- Go gcuirfidh sé teagasc, foghlaim agus measúnú den chéad scoth chun cinn.
- Go mbeidh an tuiscint ann ar mheasúnú mar ghné riachtanach, ríthábhachtach den teagasc agus den bhfoghlaim.
- Go n-aibhseoidh sé tábhacht bhreithiúnas ghairmiúil mhúinteoirí agus iad ag tacú le dul chun cinn i bhfoghlaim páistí.

- Go spreagfaidh sé múinteoirí chun naisc shuntasacha a dhéanamh le hábhair suime páistí mar aon lena n-eispéiris.
- Go n-aithneoidh sé an tábhacht a bhaineann le gaolta d'ardchaighdeán agus an tionchar a bhíonn acu ar fhoghlaim páistí.

| |
|---|
| **Tugann *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith tacú le raon modhanna agus straitéisí teagaisc le measúnú atá lárnach san teagasc agus foghlaim. Tabhair, le do thoil, d'aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.**<br><br>Aontaíonn COGG gur cuid bhunúsach de theagasc agus d'fhoghlaim d'ardchaighdeán trasna na réimsí agus na n-ábhar sa churaclam é an measúnú. B'fhiú an deis a thapú agus curaclam nua á thabhairt isteach machnamh a dhéanamh ar chóras measúnaithe caighdeánach don Ghaeilge a chur i bhfeidhm sna scoileanna Béarla.<br><br>Aontaímid gur chóir stráitéisí nuálacha teagaisc a úsáid go háirithe i gcomhthéacs an FCÁT agus polasaí na Roinne ina leith. Is dóigh linn go bhfuil deis caillte sa Dréachtchreat nach bhfuil FCÁT agus na féidearthachtaí a bhaineann léi luaite, go háirithe agus an Roinn Oideachais á cur chun cinn. Léiríonn fianaise thaighde gur éifeachtaí a bhíonn an fhoghlaim teanga nuair a thugtar fúithi i gcomhar le heolas a fhoghlaim in ábhar eile seachas an teanga atá á foghlaim. Tá sé cruthaithe go gcuireann FCÁT le hoilteacht teanga na ndaltaí, gan dochar a dhéanamh dá gcéad teanga, ná don chaoi a n-éiríonn leo leis an réimse ábhair atá á mhúineadh. Cuireann FCÁT ar chumas foghlaimeoirí teacht i dteagmháil leis an teanga i gcomhthéacs agus úsáid a bhaint aisti le haghaidh fíorchumarsáide. (CNCM 2015) |

### Ag cur le buanna agus láidreachtaí churaclam 1999

*Chuir curaclam 1999 le roinnt mhaith buanna, iad seo a leanas san áireamh:*

- Mhéadaigh sé ar úsáid mhodheolaíochtaí gníomhacha san teagasc agus san fhoghlaim.
- Rinné sé foghlaim páistí níos taitneamhaí.
- Tháinig feabhas ar leibhéil ghnóthachtála sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht, de réir mheasúnú náisiúnta agus idirnáisiúnta.

*Díreoidh an curaclam athfhorbartha ar na cuspóirí seo:*

- Réiteach a fháil ar ró-ualach curaclaim sa bhunscoil.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar straitéisí, ar thionscnaimh agus ar chláracha, agus tosaíochtaí foghlama do pháistí a shoiléiriú.
- Nasc a dhéanamh le *Aistear: an Creatchuraclam Luath-Óige* agus *Creat don tSraith Shóisearach.*

**Tugann *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith bhuanna agus láidreachtaí churaclam 1999, agus lena chois, ag aithint agus ag freagairt do dushláin, riachtanais agus tosaíochtaí. Tabhair, le do thoil, d'aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.**

Aontaíonn COGG go dtógann an dréachtchuraclam ar na buanna a bhain le Curaclam 1999. Is léir go ndéanann sé iarracht freastal ar thosaíochtaí agus ar riachtanais an lae inniu. Ní fheictear, áfach, go bhfreastalaíonn sé go hiomlán ar an ró-ualach curaclaim atá sonraithe ag múinteoirí mar cheann de na constaicí ba mhó a bhí le Curaclam 1999 a chur i bhfeidhm. Tá ábhair nua á moladh sa dréachtchuraclam, ach níl sé iomlán soiléir cad a fhágfar ar lár chun am a chur ar fáil do na hábhair nua.

Fáiltíonn COGG roimh an nasc atá molta ó earnáil go hearnáil. Tá tábhacht ag baint le comhoibriú a chothú agus le heolas a roinnt ag na pointí aistrithe seo ionas go mbeidh múinteoirí in ann eispéiris foghlama a phleanáil a chuirfidh ar chumas páistí leanúint den dul chun cinn ina gcuid foghlama trasna an churaclaim.

Is cúis imní é nach gcuirtear níos mó béime ar theagasc na Gaeilge sa dréachtchuraclam. Is léir ó Thuarascáil an Phríomhchigire (ROS:2016) nach bhfuil an dul chun cinn is cóir á dhéanamh ag líon suntasach páistí sa Ghaeilge. Mar atá luaite againn, tá gá le i bhfad níos mó acmhainní tacaíochta sa Ghaeilge ó thaobh Churaclam Teanga na Bunscoile agus iad ar aon dul leis na hacmhainní a chuireann an CNCM ar fáil don Bhéarla.

Tá an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* - an chéad straitéis chuimsitheach don oideachas sa Ghaeltacht ó bhunú an Stáit i leith - á cur i bhfeidhm sna scoileanna Gaeltachta le trí bliana anuas chun dul i ngleic leis na riachtanais ar leith atá ag scoileanna sna limistéir Ghaeltachta.

Aithníonn an *Polasaí* an ról atá ag scoileanna agus suíomhanna luathbhlianta chun oideachas d'ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge a sholáthar agus chun inniúlacht agus úsáid na Gaeilge a chothú sa phobal Gaeltachta i gcoitinne. Is cúis díomá nach bhfuil tagairt ar bith don *Pholasaí* seo sa dréachtchuraclam, cé gur polasaí stáit é.

Is cúis díomá eile é nach bhfuil an tumoideachas luaite ach i bhfo-nóta sa dréachtchuraclam. Tá an tumoideachas iomlán aitheanta ar fud an domhain mar an córas is éifeachtaí chun an dara teanga a mhúineadh nó a shealbhú i suíomh scolaíochta (Ní Mhaoláin 2013:9). Is dóigh linn go bhfuil deis caillte gan tábhacht an tumoideachais a bheith luaite sa dréachtchuraclam.

Ba mhaith le COGG tréaslú leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta as an Dréachtchreat Curaclaim a chur chun comhairliúcháin. Tá COGG ag súil go rachaidh an Curaclam athfhorbartha chun leasa ár bpáistí sna blianta atá romhainn.

**Tagairtí**


An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2009) *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*, Baile Átha Cliath

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2015 & 2019) *Curaclam Teanga na Bunscoile*

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2020) *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile (2020)*

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016) *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017 - 2022*

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2017) *Tuarascáil an Phríomhchigire 2013 - 2016*

Forbairt Naíonraí Teo. & Gaelscoileanna Teo. (2020) *An Traein: Ag Aistriú ón Naíonra go dtí an Bhunscoil*

Ní Mhaoláin, N. (2005) *Ár bPolasaí Gaeilge*, Gaelscoileanna Teo., Baile Átha Cliath


**Ráiteas Príobháideachais**

Tá lánmheas ag an CNCM ar do cheart chun príobháideachta. Aon fháisnéis phearsanta a chuireann tú ar fáil don CNCM, cosnófar é le sárchaighdeáin slándála agus rúndachta, go beacht de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí. Má tá tuilleadh eolas uait maidir le cosaint sonraí, cliceáil anseo https://www.ncca.ie/ga/ráiteas-príobháideachais , nó is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Chosaint Sonraí na CNCM ag dpo@ncca.ie

**Go raibh maith agat.**